C/2026/3733

13.7.2026

Foilsiú iarratais ar chlárú de bhun Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2026/3733)

Tar éis an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

‘Lipovská minerálna voda Salvator/Salvator’

Uimhir AE: PDO-SK-03401 — 13.1.2025

1. **Ainmneacha**

‘Lipovská minerálna voda Salvator/Salvator’

2. **Cineál an táisc gheografaigh:**

ATFC ☒ TGFC☐

3. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An tSlóvaic

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an suíomh agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2201 — Uiscí, lena n-áirítear uiscí mianraí nádúrtha nó saorga agus uiscí aeraithe, nach bhfuil siúcra breise ná ábhar milsiúcháin eile curtha leo ná nach bhfuil blaistithe; oighear agus sneachta:

2201 10 — Uiscí mianraí agus uiscí aeraithe

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Is uisce mianraí nádúrtha é 'Lipovská minerálna voda Salvator/Salvator' atá aeraithe nó beagán aeraithe; an-mhianraithe, tá hidrigincharbónáití, cailciam, maignéisiam, sóidiam, dé-ocsaíd charbóin agus sulfar ann; tá blas goirt agus blas láidir mianrach air mar gheall ar an gcion ard sóidiam agus hidrigincharbónáite atá ann. Tá a chomhdhéanamh mar a leanas:

Caitiain	**(in mg/l)**
Ca^{2+}	469,00
Na^{+}	242,00
Mg^{2+}	173,00
K^{+}	36,50
NH_4^{+}	0,96
Ainiain	**(in mg/l)**
SO_4^{2-}	155,00
NO_3^{-}	< 1,00
NO_2^{-}	< 0,01
Cl^{-}	106,00
HCO_3^{-}	2 635,00

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le tásc geografach faoi chosaint agus sa chás sin amháin)*

Tagann foinsí uisce mianraí chun cinn sa limistéar geografach lena mbaineann.

4.4. *Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Tugtar 'Lipovská minerálna voda Salvator/Salvator' go leanúnach chuig an láithreán táirgthe trí chaidéalú trí shreabhlínte dáileacháin. Cuirtear 'Lipovská minerálna voda Salvator/Salvator' faoi réir na cóireála seo a leanas: comhdhúile iarainn agus sulfair a dhíbirt trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht ocsaídiúcháin údaraithe trí aer saibhrithe le hózón a úsáid; déantar an t-uisce a scagadh agus a athaerú le dé-ocsaíd charbóin arís ina dhiaidh sin; agus ar deireadh déantar an buidéalú.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Déantar 'Lipovská minerálna voda Salvator/Salvator' a bhuidéalú i bpacáistíocht díolacháin aiseipteach trí bhíthin próiseas teicneolaíoch lena n-eisiatar aon éilliú ó eilimintí nó substaintí eachtracha, rud a chruthaíonn lúb iata idir an pointe soláthair uisce agus an pointe ag a ndéantar é a bhuidéalú lena dhíol.

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Tá limistéar na bhfoinsí mianraí nádúrtha suite i gceantar Prešov i gcríocha cadastracha Lipovce, Šindliar agus Lačnov, agus i gceantar Levoča i gcríoch chadastrach Vyšný Slavkov. Ó thaobh an riaracháin stáit de, is cuid de réigiún Prešov in oirthuaisceart na Slóvaice é.

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch bunaithe ar na dálaí ithreach agus aeráide sa limistéar geografach sainithe.

Sainiúlacht an limistéir gheografaigh

Tá an fho-ithir sa limistéar geografach sainithe lán le carraigeacha amhail gaineamhchloch, marlchloch agus créchloch, ina bhfuil flúirse mianraí (cailciam, sóidiam, maignéisiam agus carbónáití hidrigine). Feidhmíonn na carraigeacha sin mar chóras scagacháin a ghabhann eisíontais agus a shaibhríonn an t-uisce le mianraí luachmhara an tráth céanna. An fhrasaíocht agus na sruthanna faoi thalamh, cuidíonn siad leis an uisce insíothlú isteach i sraitheanna níos doimhne, ag dul trí na struchtúir charraige sin agus ag ionsú na mianraí sna sraitheanna carraige faoi thalamh go mall réidh.

Is saintréith den limistéar í aeráid atá idir measartha agus measartha fuar. Bíonn an t-aer sách tais le linn an gheimhridh mar gheall ar shneachta agus ar bhogthaise de dheasca frasaíochta. Idir 60 % agus 70 % a bhíonn sé sa samhradh. Bíonn meánteochtaí geimhridh thart ar −10 °C, agus is féidir le teochtaí an tsamhraidh ardú go 25 °C, cé go bhfanann siad níos ísle in áiteanna níos airde. Déanann dálaí teochta difear do luas na bpróiseas geoiceimiceach sin.

Ba láthair gníomhaíochta bolcánaí é an limistéar san am a chuaigh thart, rud a d'fhág stoic carbóin faoi thalamh. Dá bhrí sin, déantar an t-uisce mianraí a aerú go nádúrtha le dé-ocsaíd charbóin, rud a thugann broidearnach íogair agus blas sonrach dó. Ina theannta sin, cuireann dé-ocsaíd charbóin le hintuaslagthacht mianraí san uisce, rud a fhágann go bhfuil sé níos saibhre i mianraí.

Uisce mianraí is ea an t-uisce ina bhfuil mianrú carbóin, ar de thionscnamh meitéaraíoch é. Is é tuaslagadh carbónáite an príomhphróiseas mianraithe ina ndéantar comhdhéanamh ceimiceach an uisce mhianraigh, agus tríd an bpróiseas sin, scaoiltear amach cailciam, maignéisiam agus hidrigincharbónáití. Dá dhoimhne faoi thalamh a dhéantar na próisis mhianraithe, is amhlaidh is déine a bhíonn na próisis sin, áit a scaoiltear dé-ocsaíd charbóin.

Saintréith den limistéar is ea bogthaise mhéadaithe an aeir, rud atá fabhrach don chomhshaol nádúrtha agus a thacaíonn le flóra agus fána saibhir an réigiúin. Bíonn tionchar aige sin ar cháilíocht agus ar chobhsaíocht na bhfoinsí faoi thalamh.

Sainiúlacht an táirge

Uisce mianraí is ea 'Lipovská minerálna voda Salvator/Salvator' a bhfuil cion mianrach iomlán níos mó ná 1 500 mg/l ann. Tá sé lán le salainn mhianracha agus tá méideanna móra cailciam, maignéisiam, sóidiam agus mianraí eile ann. Déantar é a aerú go nádúrtha le dé-ocsaíd charbóin, rud a thugann broidearnach bhog dó – murab ionann agus i gcás dé-ocsaíd charbóin a chuirtear leis go saorga.

Mar gheall ar a chomhdhéanamh mianraí agus a aerú nádúrtha, tá blas sonrach ar 'Lipovská minerálna voda Salvator/Salvator': bíonn a bhlas séimh, gan blas suntasach salainn ach tá boladh atá cosúil le sulfar air.

Nasc cúisíoch

Tá flúirse carraigeacha dríodair sa limistéar geografach sainithe (go háirithe aolchloch agus dolaimít), ina bhfuil méideanna móra cailciam, sóidiam agus maignéisiam. Is iad na dálaí aeráide a chinneann sreabhadh agus athlíonadh screamhuisce, agus cuireann frasaíocht leis an soláthar uisce agus cuidíonn sí leis an screamhuisce a bhuanú faoi thalamh ar bhealach níos doimhne, áit a n-ionsúnn sí mianraí. Tá ról lárnach ag an dé-ocsaíd charbóin sa limistéar seo sa phróiseas chun an t-uisce a shaibhriú le mianraí, rud a thugann cion ard mianraí dó.

Tá Lipovce suite i dtimpeallacht nach gcuireann gníomhaíocht an duine isteach uirthi mórán. Ciallaíonn sé sin go bhfanann na fuaráin sa limistéar sin glan go nádúrtha. Tá miocraeráid shonrach sa limistéar a thacaíonn le cobhsaíocht na bhfoinsí faoi thalamh. An ghníomhaíocht thionsclaíoch theoranta agus na foraoisí flúirseacha, cuidíonn siad leis an uisce a choinneáil gan mhilleadh agus saibhir i mianraí nádúrtha, gan aon ghá le breiseáin shaorga.

Tá eolas maith ar an uisce mianraí in Lipovce le fada an lá. De réir an traidisiúin béil, d'úsáid Teamplóirí an t-uisce, agus deirtear faoi na manaigh sin gurbh iadsan úinéirí nó lucht cónaithe na gcaisleán os cionn ceann de mhullaí shléibhte Branisko. Ag deireadh an chéad leath den 18ú haois, luaigh Matthias Bel na foinsí sin den chéad uair ina lámhscríbhinn ina ndéantar cur síos ar réigiún Šariš.

Sa chéad leath den 19ú haois, bhí Lipovce ina ionad mór spá, áit a tharraing teaghlaigh uaisle ó gach cearn de réigiún Prešov. Ar na teiripí spá ansin, bhí leigheasanna óil uisce. Ba é an cunta Szakmáry a thug an t-ainm 'Salvator' ['Slánaitheóir'] ar na huiscí sin agus a thosaigh ag buidéalú an uisce mhianraí agus á mhargú ó thús an 19ú haois. Tá 'Lipovská minerálna voda Salvator/Salvator' ar cheann de na huiscí mianraí buidéalaithe is sine sa tSlóvaic. Leagtar béim freisin ar thábhacht an fhoinse seo toisc gur dheonaigh Rialtas na hUngáire limistéir chosanta ainmnithe dó ó 1880. Is follasach go bhfuil méadú tagtha ar an tóir atá ar an uisce mianraí fíorálainn sin agus, a bhuí le blianta fada de thraidisiún agus a chomhdhéanamh optamach, tá an-tóir air fós sa tSlóvaic agus ar mhargaí eachtracha.

Bunaíodh limistéir chosanta ar fud limistéar geografach sainithe an uisce mhianraí nádúrtha, arb é ba chuspóir dóibh limistéar sin na bhfoinsí uisce mianraí a chosaint ar aon damáiste a dhéantar de bharr gníomhaíochtaí eacnamaíocha, talmhaíochta nó gníomhaíochtaí eile a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do riocht reatha an uisce, a tháirgeacht, a chomhdhéanamh ceimiceach eisceachtúil agus a chineál gan mhilleadh chun a luachanna cáilíochtúla agus cainníochtúla a chaomhnú agus chun a áirithiú go leanfar d'úsáid stuama a bhaint as.

Cuireadh 'Lipovská minerálna voda Salvator/Salvator' faoi chosaint faoi chomhaontuithe déthaobhacha freisin: conradh an 19 Eanáir 1976 idir Poblacht Shóisialach na Seicslóvaice agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le tásca tionscnaimh, ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha eile a chosaint, Comhaontú an 18 Bealtaine 1987 idir Rialtas Phoblacht Shóisialach na Seicslóvaice agus Rialtas Phoblacht na Portaingéile maidir le tásca tionscnaimh, ainmniúcháin tionscnaimh agus ainmniúcháin gheografacha eile agus ainmniúcháin chomhchosúla a chosaint, agus Conradh an 20 Eanáir 1981 idir Poblacht Shóisialach na Seicslóvaice agus Poblacht na hOstaire maidir le tásca tionscnaimh, ainmniúcháin tionscnaimh agus ainmniúcháin eile táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha a thagraíonn do thionscnamh a chosaint.

Tá an t-ainm 'Lipovská minerálna voda Salvator' faoi chosaint ar an leibhéal náisiúnta ón 22 Nollaig 1979.

Leanadh de bhuidéalú an uisce mianraí i gcaitheamh na mblianta suas go dtí an lá atá inniu ann, mar a léirítear le tagairtí sa phreas (e.g. in *Prešovske Noviny* agus sa nuachtán laethúil *Smena*), i gcartlanna Vychodoslovenské Žriedla [Foinsí na Slóvaice Thoir], fiontar náisiúnta atá lonnaithe in Prešov, agus i gcur i láthair ag imeachtaí agus taispeántais éagsúla.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.indprop.gov.sk/swift_data/source/pdf/specifikacie_op_oz/Lipovska_mineralna_voda_Salvator_Salvator.pdf